

Muintir Leaice as na hAille

Breandán Ó Tuairisg

Seo scéal beag faoi Mhalachy Concannon (20/03/1796 go dtí 12/02/1875) agus a bhean, Ellen nó Helen Costello (18/02/1801 go dtí 25/02/1886) arbh as na hAille di. Is é an t-eolas a fuair mé ná go dtáinig seisean as Tuaim Dhá Ghualainn ina fhear óg, phós sé Ellen Costello agus chuir siad fúthu sna hAille. Tugadh ‘Leaice’ mar leasainm ar Mhalachy. Is dóigh go raibh an t-ainm ‘Malachy’ cloiste ag muintir a’ bhaile agus lean an t-ainm a chlann agus a gharchlann. Bhí ceathrar clainne acu, Timothy, Bríd, Páidín agus Catherine. Chuaigh Tim agus Páidín go Meiriceá. Phós Catherine agus Bríd go háitiúil. Faoi Bhríd Leaice an scéal seo.

Is minic a chuala mé m’athair, Seánín Beag, Michael Mholly, agus daoine eile nach iad, ag caint faoi agus ag moladh Bhríd Leaice. Ba bhean cabhrach í. Rugadh Bríd Leaice in 1845 agus phós sí Liam Ruaidí (Ó Tuairisg) as an Teach Mór, Ba táilliúr é Liam. Bhí deichniúr gasúr acu agus mar sin bhí sí amuigh go minic a’ tabhairt páistí ar an saol, a’ tabhairt cúnamh do mhná a raibh trioblóid acu le páiste as thabhairt ar an saol. Bhí sé ráite léi gur iomaí bean agus páiste a mhair le cúnamh Bhríde. Bhí daoine go leor buíoch di agus deir siad go raibh cáil uirthi i bhfad is i ngearr.

Rugadh Liam Ruaidí in 1840 agus bhásaigh sé ar an 12/10/1916. Rugadh Bríd in 1845 agus bhásaigh sise ar an 29/08/1930. Is iad na gasúir a bhí acu ná Máirtín (1865 go dtí 1921), Mary (1867 go dtí 1891), Michael (1869 go dtí

1935), Bríd (1871 go dtí 1930), Helen (1874 go dtí 1937), Catherine (1876 go dtí 1954), Maggy (1878 go dtí 1915), Nóra Liam (1881 go dtí 1962), Johnny (1883 go dtí 1935), agus Rodger (1886 go dtí 1887).

Deartháir le Bríd Leaice ab ea Páidín Leaice (1850 go dtí 15/05/1918) agus bhí seisean pósta le Delia Darcy (1886 go dtí 22/05/1908). Chuaigh Páidín go Meiriceá ina fhear óg agus shaothraigh sé airgead ann. Tháinig sé abhaile agus é óg go leor fós, agus thóg sé áit chónaithe agus óstán sa Spidéal, an *Bay View House*, nó Tigh Pháidín Leaice mar a tugadh air go háitiúil. Bhíodh caint mhór air ag na daoine a bhíodh ag dul go Gaillimh le crib mhóna agus iad ag stopadh Tigh Pháidín Leaice ar an mbealach ar ais le haghaidh pionta nó dhó, a bhí Stíofán Phádraig Choilm a rá liom. Is iad na buidéal, ceapaim, a bhí ann ag an am.

Is iad na gasúir a bhí ag Páidín agus Delia ná Patrick, Ellen, Mamie, Barbara, Bridget, Coleman (Cóilín), Anne agus Catherine. Fuair Páidín Leaice bás ar an 15/05/1918 agus fuair Delia Darcy bás ar an 22/05/1908. Thóg Patrick an áit ar láimh tar éis bhás a athar. Bhí Patrick pósta le Delia McIntyre. Dhíol Patrick agus Delia an áit le Joe Francis timpeall lár na 1940í, agus cheannaigh siad teach ar Shráid Anraí i nGaillimh. Fuair Patrick bás in 1952 agus fuair Delia McIntyre bás in 1990. Thug Joe Francis an áit le rith do Cissy, iníon leis a bhí pósta le Watty Toole. Bhí chúig sheomra codlata ann agus bhíodh múinteoirí ag fanacht ann chomh maith le daoine eile, turasóirí. Ba é Clancy, an tógálaí a tháinig ina dhiaidh sin ann agus thóg sé óstán san áit, *The Bridge House Hotel*.

Tá Concannons fós sna hAille agus i mBaile Éamainn chomh maith le Baile an Dónalláin, muintir Uí Neachtain, slán a bheidh siad, agus tá cuid mhaith acu sna Stáit Aontaithe. Mo mhíle buíochas do Ita Concannon Uí Fhatharta, Geraldine Huppe as New Hampshire Mheiriceá agus Máire Neilín Uí Chonceanainn. ■



Patrick Pháidín Leaice



Seanphictiúr de shráidbhaile an Spidéil ina bhfuil Tigh Pháidín le feiceáil ar chlé